



Ollscoil na hÉireann
National University of Ireland

POST MAR FHÁILTEOIR/CHÚNTÓIR FEIDHMIÚCHÁIN AR THÉARMA SEASTA (conradh 24 mí)

Ollscoil chónaidhmeach is ea Ollscoil na hÉireann (OÉ) le ceithre chomh-ollscoil agus roinnt institiúidí ardoideachais comhlacha eile. I gcoílár na hollscoile cónaidhmí, feidhmíonn OÉ mar fhóram do na ballinstitiúidí, cuireann sí seirbhísí acadúla ar fáil dóibh, agus bainistíonn sí cláir lárnaacha agus cartlanna na hOllscoile. Déanann OÉ raon leathan de ghníomhaíochtaí freisin d'fhonn gradam acadúil, an scoláireacht agus an taighde a chothú agus cur le dul chun cinn oideachais, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíochta.

Tá OÉ ag iarraidh folúntas a líonadh sa phost mar Fháilteoir/Chúntóir Feidhmiúcháin ar théarma seasta (conradh 24 mí)

Nóta: Léiriú is ea an sainchuntas poist thíos ar nádúr an róil sa ghnátham. Faoi láthair, i gcomhréir le riachtanais an rialtais, tá an oifig dúnta ach amháin do chuariteoirí riachtanacha, oibríonn formhór de bhaill foirne OÉ ón mbaile agus eagraítear cruinnithe go fíorúil. Fad is a fhanfaidh na srianta seo i bhfeidhm, beidh an fáilteoir ag obair i bpáirt ón mbaile, agus sealaíocht á dhéanamh acu le comhghleacaí ar dhualgais fáilteachais agus lasc-chláir.

An ról

Beidh an Fáilteoir/Cúntóir Feidhmiúcháin mar bhall den fhoireann ag oifig an Chláraitheora. Ag tuairisciú don Riarthóir Feidhmiúcháin in Oifig an Chláraitheora, beidh an té a cheapfar freagrach as an Oifig Fáilte a bhainistiú, fáilte a chur roimh chuariteoirí chuig an oifig, tacú leis an lasc-chlár, déileáil le postas ag teacht isteach agus ag dul amach. Ina theannta sin, cuirfidh siad tacaíocht riaracháin/cléireachais laethúil ar fáil, go príomha d'oifig an Chláraitheora agus freisin d'fhoirne eile, ó am go ham.

Eagraíonn an Ollscoil líon teoranta d'ócáidí gach bliain ar an láthair agus i suíomhanna eile gach bliain. Bíonn cuid díobh seo ar siúl go hiomlán nó i bpáirt lasmuigh d'uaireanta oifige. Beidh ar an bhFáilteoir / Cúntóir Feidhmiúcháin bheith ar dualgas le linn na n-ócáidí sin. Ina theannta sin, eagraíonn an Ollscoil toghcháin ó am go ham agus beidh ar an gCúntóir Feidhmiúcháin tacaíocht a sholáthar ag na hamanna sin freisin.

Áirítear le príomhfhreagrachtaí an Fháilteora/Cúntóra Feidhmiúcháin:

- An limistéar Fáilte a bhainistiú
- Caidreamh le cuairteoirí
- Lasc-chlár a bhainistiú
- Bunachair sonraí agus clárlanna a nuashonrú
- Cóipeáil agus scanadh
- Coinneáil taifead, comhadú agus cartlannú
- Liostaí scaipeacháin a bhainistiú
- Cruinnithe a eagrú
- Socruithe taistil agus áirithintí eile a dhéanamh
- Eolas a sholáthar do bhail an phobail ar an bhfón
- Leibhéal eolais a fhorbairt maidir le roinnt gnéithe de rialacháin OÉ chun seirbhís phras do ghlaiteoirí a éascú
- Tacaíocht a sholáthar d'ócáidí OÉ a eagraítear go himheánach agus in ionaid sheachtracha
- Dualgais ghaolmhara a chur i gcrích de réir mar is gá
- Rúndacht a choimeád i dtaca le gnó OÉ.

Cáilíochtaí/scileanna de dhíth

Éilíonn an post dearcadh gairmiúil i leith oibre, scileanna idirphearsanta agus cumarsáide, solúbthacht agus an cumas le hobair a dhéanamh mar bhall foirne. Féachann OÉ leis an gcáilíocht is airde a bhaint amach ina gníomhaíochtaí uile, sna seirbhísí a chuireann sé ar fáil do bhallinstiúidí agus ina idirghníomhaíochtaí uile leis an bpobal i gcoitinne. Tá ról tábhachtach ag an bhFáilteoir/Cúntóir Feidhmiúcháin chun na spriocanna seo a bhaint amach.

Is iad sainriachtanais an phoist:

- Scileanna cumarsáide den scoth as Béarla
- Béasa mhaithe teileafóin
- Scileanna TF dea-fhorbartha
- Scileanna maithe eagrúcháin agus riaracháin
- Cúram do chruinneas agus súil ghrinn chun na mionsonraí
- An cumas le hobair faoi bhrú chun spriocamanna a shásamh
- An cumas le hobair ar a dtinscnamh féin
- Inoiriúnaitheacht agus solúbthacht i dtimpeallacht ghnó atá ag athrú
- Scileanna dea-fhorbartha cumarsáide scríofa agus béil
- Taithí bliana ar a laghad i suíomh comhchosúil fáilteora/riaracháin.

Tá cáilíocht tríú leibhéal inmhianaithe. Ba bhuntáiste é taithí i dtimpeallacht ardoideachais agus/nó buneolas ar an nGaeilge.

Téarmaí agus coinníollacha

TUARASTAL

- Beidh an pá tosaigh do dhaoine a earcófar chuig an ollscoil ar an scála a bhaineann le post sealadach an Chúntóra Feidhmiúcháin mar seo a leanas:

* €25,445; €26,792; €27,757; €29,230; €30,748; €31,974; €33,294; €34,331; €35,671; €37,034; €38,355; €39,462; €40,594.

* Cuirfear ceapaí gan aon taithí roimhe seo san earnáil phoiblí ar an gcéad phointe den scála tuarastail thuas.

- Féadfaidh pá agus coinníollacha pinsin éagsúla a bheith i bhfeidhm más rud é, laistigh de 26 seachtaine roimh an gceapachán, go bhfuil an ceapaí ag freastal áit éigin eile san earnáil phoiblí i bpost a bhfuil sé nó sí ag íoc na ranníocaíochta ÁSPC ag ráta Rang A, B, C nó D ina leith.
- Féadfar rátaí pá a leasú ó am go ham ag teacht le beartais an Rialtais.

SCÉIM PINSIN

- I gcoitinne, agus seachas iarrthóirí a d'oibrigh i bpost seirbhíse poiblí inphinsin (téarmaí nach mbaineann le scéim aonair) sna 26 seachtaine roimh an gceapachán, beidh na hiontrálaithe nua uile ar fhostaíocht inphinsin san Ollscoil an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh ina mbaill den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, a bhfuil sonraí ina leith ar fáil ag: <https://singlepensionscheme.gov.ie/for-members/>
- Tá ballraíocht i Scéim Pinsin na hOllscoile éigeantach.

RANNÍOCAÍOCHT AOISLIÚNTAIS BHREISE (ASC)

Tá an ceapachán seo faoi réir ag "Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise" (ASC) a bhaineann le pinsean a asbhaint i gcomhréir le hAlt 4 den Acht um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017.

SCÉIM DHREASAITHE LUATHSCOIR (ISER)

Tá sé mar choinníoll den Scéim Dhreasaithe Luathscóir (ISER) mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais nach féidir le daoine atá ar scor, faoin Scéim sin, iarratas a dhéanamh ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní féidir le daoine dá leithéid atá ar scor, iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

DEARBHÚ

Beidh ar iarrthóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas as scéim luathscóir dhreasaithe na seirbhíse poiblí roimhe seo. Beidh ar iarrthóirí freisin aon teidlíocht atá acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (á hÍoc nó caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile de chuid na Seirbhíse Poiblí a dhearbhú agus/nó má fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí, agus sa chás sin is féidir forálacha laghdaithe pinsin na hearnála poiblí a bheith i bhfeidhm.

UAIREANTA FOSTAÍOCHTA

Is iad na huaireanta oibre 37 uair an chloig in aghaidh an seachtaine, nach n-áiríonn sosanna lóin agus am a chaitear ag taisteal chuig an Ollscoil agus ón Ollscoil. Féadfar uaireanta oibre a athrú i gcomhthéacs timpeallachta gnó atá ag athrú. B'fhéidir go mbeidh gá le tinreamh freisin, lasmuigh de ghnáthuaireanta oifige, ó am go ham, chun tacú le hócáidí á reáchtáil ag OÉ, go himheánach nó in ionaid sheachtracha.

LAETHANTA SAOIRE

23 lá saoire in aghaidh na bliana.

PROMHADH

Beidh tréimhse phromhaidh trí mhí ann ina mbeidh athbhreithniú leanúnach ar fheidhmíocht. Féadfar an tréimhse phromhaidh a shíneadh ar lántoil na hOllscoile.

RÚNDACHT

Le linn na tréimhse conartha, coinneoidh an t-iarrthóir rathúil faoi rún agus faoi chosaint iomlán gach eolas rúnda a chuirfear faoina gcúram maidir leis an Ollscoil, nó a thiocfaidh ina seilbh de dheasca a bpoist leis an Ollscoil agus a páirtithe leasmhara éagsúla.

NÓS IMEACHTA IARRATAIS

Ba chóir go n-áireodh iarratais na nithe seo a leanas:

- (i) Litir chumhdaigh (marcáilte faoi chúram Ann Milner, Uas., Riarthóir Feidhmiúcháin, Oifig an Chláraitheora)
- (ii) Foirm Iarratais chomhlánaithe
- (iii) Curriculum Vitae

Ba chóir iarratais a chur isteach **le r-phost amháin chuig:** registrar@nui.ie (marcáilte EA Reception) .

Gheobhaidh na hiarrthóirí go léir admháil ar a n-iarratas nuair a bheidh an spriocdháta thart. Más rud é nach bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas, nó má tá fiosruithe ar bith eile agat maidir leis an bpróiseas iarratais, seol d'fhiosrú le r-phost chuig: registrar@nui.ie nó cuir glaoch ar Ann Milner ar 01 4392421.

Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil 5pm **Dé hAoine, 26 Márta 2021.**

NÓS IMEACHTA MEASÚNAITHE

- Painéal Roghnúcháin: Beidh na hiarratais á mheas ag Painéal Roghnúcháin, a dhéanfaidh gearrliostú agus a chuirfidh agallaimh ar iarrthóirí.
- Dáta Agallaimh: Aontóidh an painéal gearrliostúcháin dáta agallaimh do **Aibreán 2021** agus cuirfear é seo in iúl do na hiarrthóirí go léir ar an ngearrliosta. Tabharfar fógra seachtaine ar a laghad do na hiarrthóirí ar an ngearrliosta. Eagrófar na hagallaimh **go fíorúil trí MS Teams.**
- Tabharfar fógra do na hiarrthóirí go léir maidir le toradh a n-iarratas in am trátha.

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil na hÉireann.